Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12903/25**

**TRANS 387**
**DELACT 132**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na gcumhachtaí a tarmligeadh ar an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, de bhun Airteagail 6(6), 7(6) agus 27 de Threoir 2016/798 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 491 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 491 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.9.2025
COM(2025) 491 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na gcumhachtaí a tarmligeadh ar an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, de bhun Airteagail 6(6), 7(6) agus 27 de Threoir 2016/798**

## 1. RÉAMHRÁ

Tugtar cumhachtaí don Choimisiún, le hAirteagail 6(6) agus 7(6) de Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid ([1]), gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos le hAirteagal 27 den Treoir sin go ceann tréimhse 5 bliana, dar tús an 15 Meitheamh 2016, tréimhse a fhadófar go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid.

Baineann an tuarascáil seo le cumhacht an Choimisiúin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh agus liostaítear inti na gníomhartha arna nglacadh ag an gCoimisiún ina fheidhmiú don tréimhse ón 17 Eanáir 2022, dáta na tuarascála roimhe sin ([2]), go dtí an 16 Meán Fómhair 2025.

## 2. AN BUNÚS DLÍ LE HAGHAIDH NA TUARASCÁLA

I gcomhréir le hAirteagal 27(2) de Threoir (AE) 2016/798, ní mór don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta *tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana*.

## 3. FEIDHMIÚ NA CUMHACHTA GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE A GHLACADH

Léirítear sa tábla seo a leanas na cumhachtuithe ábhartha:

| Treoir (AE) 2016/798 | Cumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh |
|---|---|
| Airteagal 6(6) i gcomhar le hAirteagal 6(1) | Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 27, a bhaineann le hinneachar na *Modhanna Comhchoiteanna Sábháilteachta* i dtaca leis an méid seo a leanas:<br>(a) na modhanna meastóireachta agus measúnaithe riosca;<br>(b) na modhanna chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhréireacht leis na ceanglais atá sna deimhnithe sábháilteachta agus sna húdaruithe sábháilteachta arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 12;<br>(c) na modhanna maoirseachta a bheidh le cur i bhfeidhm ag na húdaráis náisiúnta sábháilteachta agus na modhanna faireacháin a bheidh le cur i bhfeidhm ag na gnóthais iarnróid, ag na bainisteoirí bonneagair agus ag na heintitis a bhfuil cúraim na cothabhála orthu; |

([1]) Treoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid, IO L 138, 26.5.2016, lch. 102, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/798/oj.

([2]) Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú tharmligean na gcumhachtaí ar an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, de bhun Airteagail 6(6), 7(6) agus 27 de Threoir 2016/798 (COM/2022/12 final).

| Treoir (AE) 2016/798 | Cumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh |
|---|---|
| | (d) na modhanna chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal sábháilteachta agus ar fheidhmiú sábháilteachta na n-oibreoirí iarnróid ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;<br>(e) na modhanna chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna sábháilteachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; agus<br>(f) aon mhodh eile a chumhdaíonn próiseas de chuid an chórais bainistíochta sábháilteachta is gá a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais. |
| Airteagal 6(6) i gcomhar le hAirteagal 7(1) | Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 27, a bhaineann le hinneachar na *Spriocanna Comhchoiteanna Sábháilteachta* agus go háirithe leis an méid seo a leanas:<br>(a) rioscaí aonair a bhaineann le paisinéirí, le baill foirne lena n-áirítear fostaithe agus conraitheoirí, le húsáideoirí crosairí comhréidhe agus le daoine eile, agus, gan dochar do rialacha dliteanais náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana féin, rioscaí aonair a bhaineann le treaspásóirí;<br>(b) rioscaí sochaíocha. |

Sa tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, níor fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtuithe faoi Airteagal 6(6) agus Airteagal 7(6) de Threoir (AE) 2016/798. Measann an Coimisiún gur leor an creat rialála atá ann cheana chun cobhsaíocht agus éifeachtúlacht chóras iarnróid na hEorpa a áirithiú.

Sa tréimhse roimhe seo agus atá fós i bhfeidhm, d’fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtú faoi Airteagal 6(6) de Threoir (AE) 2016/798 chun an méid seo a leanas a ghlacadh:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/761 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta sábháilteachta tar éis deimhniú aonair sábháilteachta nó údarú sábháilteachta a eisiúint de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2012 ón gCoimisiún ([3]);

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/761 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le maoirseacht a dhéanann údaráis náisiúnta sábháilteachta tar éis deimhniú aonair sábháilteachta nó údarú sábháilteachta a eisiúint de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2012 ón gCoimisiún, IO L 129, 25.5.2018, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2018/761/oj.

(2) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/762 ón gCoimisiún an 8 Márta 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le ceanglais i ndáil le córas bainistíochta sábháilteachta de bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1158/2010 ón gCoimisiún agus (AE) Uimh. 1169/2010 ón gCoimisiún ([4]).

Leis na rialacháin tharmligthe seo leagtar amach modhanna comhleanúnacha chun an tsábháilteacht a ráthú agus a fheabhsú tríd an maoirseacht a dhéanann na húdaráis náisiúnta sábháilteachta agus trí leagan síos na gceanglas i ndáil le córais bhainistíochta sábháilteachta.

## 4. CONCLÚIDÍ

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 27(2) de Threoir (AE) 2016/798.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

([4]) Rialachán tarmligthe (AE) Uimh. 2018/762 ón gCoimisiún an 8 Márta 2018 lena mbunaítear modhanna comhchoiteanna sábháilteachta maidir le ceanglais i ndáil le córas bainistíochta sábháilteachta de bhun Threoir (AE) Uimh. 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1158/2010 agus (AE) Uimh. 1169/2010 ón gCoimisiún, IO L 129, 25.5.2018, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2018/762/oj.